

**RAMELTON**  
FLOOD RELIEF SCHEME



**Comhairle Contae  
Dhún na nGall**  
Donegal County Council



Tionscadal Éireann  
Project Ireland  
**2040**

**OPW** Oifig na  
nOibreacha Poiblí  
Office of Public Works

## Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtain



**Nuachtlitir  
Meitheamh  
2022**

**SAN EAGRÁN SEO**

## Forbhreithniú is Déanaí

Seo an ceathrú nuachtlitir do Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtain. Ar na gníomhaíochtaí is mó a bhí ann ó cuireadh amach nuachtlitir roimhe seo i Márta 2022, bhí measúnú ar choinneáil uisce nádúrtha, samháltú hidrálach, agus measúnú hidreolaíoch a chríochnú.

**Iniúchadh Láithreáin**

Lch 2

**Gníomhaíochtaí Comhshaoil**

Lch 3

**Hidreolaíocht & Hidrálac**

Lch 5

**Cad é atá le teacht anois?**

Lch 6

# Obair Shuirbhéanna (Cósta - Suirbhé Hidriméadrachta)

Tógadh tomhsairí taoide in áiteanna éagsúla ar Loch Súilí le heolas suirbhé hidriméadrachta ar Ráth Mealtain a bhailiú. Éascóidh torthaí na suirbhéanna seo forbairt mheasúnú riosca tuilte cósta cruinn. Is é Aquafact an conraitheoir a roghnaíodh leis na tomhsairí a chur isteach agus an t-eolas suirbhé a sholáthar.

Is é atá sna tomhsairí píobán PVC pollta a chuirtear le balla na cé ag Balla Abhainn Ráth Mealtain (Bóthar an Chósta). Crochtar an tóireadar síos trí pháibán PVC ar cheann rópa a cheanglaítear le bolta a cuireadh tríd an pháibán.

Tá an chéad chuid den eolas suirbhé a fuarthas á plé faoi láthair ag an fhoireann tionscadail.



*Suíomh an tomhsaire ag Ball Ché Ráth Mealtain, Bóthar an Chósta (thuas). An tóireadóir a úsáidtear le heolas hidriméadrach a bhailiú. (Ar deis)*

**LevelSCOUT**  
SUBMERSIBLE LEVEL/ TEMPERATURE  
SMART SENSOR



**Seametrics**

**APPLICATIONS**

- Site assessments
- Tidal studies
- Environmental monitoring
- Surface water — discharge monitoring
- Aquifer level monitoring
- Aquifer storage & recovery

# Gníomhaíochtaí Comhshaoil

## Srianta Comhshaoil

Críochnaíodh an tuairisc ar shrianta comhshaoil do Ráth Mealtain. Tá an tuairisc le léamh leis an nasc seo - <https://www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/project-info/environmental-assessment/>

## Bainistiú do Speicis Ionracha & Déileáil leo

Tá déileáil le speicis ionracha i gceantar na scéime á socrú faoi láthair. Táthar ag súil go mbeidh sé seo in áit i Meán Fómhair.

## Tuairisc Scagtha Measúnaithe Cuí (Iniúchadh Láithreáin Ráth Mealtain)

D'aontaigh an Grúpa Stiúrtha go ndéanfar Iniúchadh Láithreáin (SI) do Ráth Mealtain ar ball. Mar chuid de scóipeáil SI, díreofar ar bhalla na cé reatha agus ar áiteanna eile do bheartais chosanta tuilte féideartha. Beidh an obair seo ag brath ar scagadh measúnaithe cuí.

## Suirbhéanna Saineolaithe

Ceapadh na fo-shainchomhairleoirí comhshaoil do Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtain. Tá an fhoireann tionscadail ag obair i gcomhar leis na fo-shainchomhairleoirí ábhartha agus na sainsuirbhéanna le tosú i Meán Fómhair 2022 do na príomhréimsí a leanas:

- Caighdeán an Aeir
- Éiceolaíocht Uisceach
- Tírdhreach agus Gnéithe Infheicthe
- Éin Gheimhrithe
- Callán agus Creathadh
- Seandálaíocht agus Oidhreacht Chultúrtha
- Suirbhéanna Sciathán Leathair

## Bearta le hUisce Nádúrtha a Cheapadh

Tá méasúnú ar siúl faoi láthair ar bhearta féideartha le hUisce Nádúrtha a Choinneáil le baol tuilte a mhaolú i ndobharcheantair. Mar thús, beidh trí chineál léarscáile ann ag an fhoireann tionscadail do 1) Laghdú ar Rith Chun Srutha, 2) Stóráil agus 3) Úsáid Talaimh / Bainistiú Dríodair. Beidh tuairisc iomlán ann mar thoradh ar an léarscáiliú fosta.



*Sampla de bhainistiú dríodair ar Abhainn Glenagannon,  
Inis Eoghain, (Foinse: Iontaobhas Aibhneacha Inis  
Eoghain)*

# Anailís Hidireolaíochta & Samhaltú Hiodrálach

Tá dréacht-tuairisc hidireolaíochta do Ráth Mealtain ar shéala a bheith réidh. Cuirfear chuig Comhairle Contae Dhún na nGall í go luath i Mí Iúil agus athbhreithniú sonraithe inti de Stáisiún Hidriméadrachta An Chláraigh.

Táthar ag forbairt samhltú hiodrálach go fóill.

Tá samhltú 1T den ghréasán agus de na haibhneacha réidh chomh maith le tuilemhá 2D. Tá tástáil ar siúl ar sheasmhacht an samhaltaithe lena chinntiú go bhfeidhmíonn sé go réalaíoch sula dtosaítear ar chéimeanna faofa agus calabraithe.



*Ceantar Scéime Ráth Mealtain le huiscebhealaí aibhsithe.*

# Cad é atá le teacht?

Sna míonna amach romhainn, beidh an Fhoireann Tionscadail ag obair ar:

- ➔ Dréacht-tuairisc hidreolaíochta a chríochnú.
- ➔ Tús le Suirbhéanna Saineolaithe Comhshaoil.
- ➔ Cur i bhfeidhm Plean Bainistithe do Speicis Ionracha do 2022
- ➔ Bailiú eolais ar leibhéal uisce do bhainistiú riosca tuilte cósta
- ➔ Leanúint don mheasúnú do Bhearta féideartha le hUisce Nádúrtha a Choinneáil
- ➔ Tús a chur le Ráiteas Tionchair agus Measúnú ar Thuairiscí ar Scagadh agus Scóipeáil
- ➔ Dréachtscagadh measúnaithe cuí a thosú do Ráiteas Tionchair Natura
- ➔ Measúnú Hidrogeomoirfeolaíochta



## Déan teagmháil linn

Le teagmháil a dhéanamh leis an Fhoireann Tionscadail faoi ábhar ar bith a bhaineann le Scéim Cosanta Ráth Mealtain, seo iad na sonraí teagmhála:

### Rphost

[RathmeltonFRS@ByrneLooby.com](mailto:RathmeltonFRS@ByrneLooby.com)

### Post

Project Manager Rathmelton FRS  
ByrneLooby  
Building 2100  
Cork Airport Business Park  
Kinsale Road  
Cork

### Guthán

+353 (0) 21 240 7988

Le tuilleadh eolais a fháil ar an Scéim nó ar an chlár oibre, úsáidtear:

[www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/home/](http://www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/home/)